# Glór Cheatharlach

## SPRAOI ag Tuistí agus Leanaí don Samhradh



**Spraoi ag tuistí agus leanaí**

TIOCFAIDH SPRAOI, an grúpa dátheangach Tuistí/Leanaí, le chéile arís an Satharn seo chugainn, 20ú Iúil don uair dheireannach roimh sos a thógaint don samhradh. Bunaíodh SPRAOI an samhradh seo caite agus tagann an grúpa le chéile gach dara Dé Sathairn in Ionad Phobal Darach Úr ó 11.00r.n go meánlae. Níl aon chostas.

Tá grúpa breá ag bualadh le chéile go rialta ag Spraoi anois agus bíonn tae agus caife ag na tuismitheoirí agus comhrá dátheangach ar siúl acu fhad is a bhíonn na páistí ag spraoi. Bíonn meascán aoisgrúpaí páistí linn i gcónaí ó bháibíní go páistí suas le ceithre agus cúig bliana d'aois. Tá gairdín álainn le sleamhnáin agus fearas spraoi eile do na páistí nuair a bhíonn an grian ag taitneamh!

Cuirtear fíorchaoin fáilte roimh éinne go bhfuil suim acu Gaeilge a labhairt lena bpáistí agus iad i suíomh spraíúil, neamhfhoirmiúil. Ní gá a bheith líofa sa Ghaeilge ach díreach suim agus sásta triail a bhaint aisti.

Eagraithe i gcomhar le Comhluadar Teo tá an grúpa SPRAOI oiriúnach d'éinne le páistí suas go 5 bliana d'aois. Tá gach eolas ar fáil ó Emma i nGlór Cheatharlach ar (085) 1340047. Bígí linn an Satharn seo chugainn agus beidh fáilte roimh cách. Beidh SPRAOI ar saoire i rith Mhí Lúnasa agus ar ais arís i Meán Fómhair.

| GLUAIS: | GLOSSARY: |
|---|---|
| tuistí/leanaí | parents/toddlers |
| dátheangach | bilingual |
| líofa | fluent |
| eagraithe | organised |
| oiriúnach | suitable |
| go háirithe | especially |

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

**Glór Cheatharlach**

**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Blas na Gaeltachta ag an gColáiste Samhraidh i gCeatharlach

THÁINIG deireadh le Coláiste Samhraidh rathúil eile i gCeatharlach an Aoine seo caite. Eagraithe ag Glór Cheatharlach do mhair an cúrsa ar feadh coicíse agus bhain idir dhaltaí agus múinteoirí an-taitneamh as. Dob í seo an cúigiú bhliain as a chéile a reachtáladh an cúrsa agus is deis iontach í do dhaltaí nach bhfreastalaíonn ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht. Cuireann tuismitheoirí an-fháilte roimh an coláiste samhraidh chomh maith go háirithe i laethanta seo na géirchéime agus airgead gann i ngach teaghlach nach mór.

D'fhreastal breis is seasca déagóirí ó bhliain a haon go muintir na hardteistiméireachta ar an gcoláiste a bhí lonnaithe i nGaelcholáiste Cheatharlach agus bhí ceathrar múinteoirí Gaeilge i mbun teagaisc. Chomh maith leis na ranganna Gaeilge bhí éagsúlacht iontach d'imeachtaí le cluichí, ceol, spraoicheisteanna agus scannáin ar chlár na coicíse. Bhí blas na Gaeltachta le blaiseadh chomh maith le héileamh an-mhór ar na rincí céilí agus mar is gnáthach bhí Ballaí Luimní, Ionsaí na hInse agus Baint an Fhéir ar bharr an liosta.

Coicís spraiúil agus tairbheach do na rannpháirtithe uile agus iad ag cur barr feabhais ar a gcuid scileanna teanga chomh maith le aithne a chur ar chairde nua trí Ghaeilge.

Gabhann Glór Cheatharlach buíochas ó chroí leis na múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí as tacú leis an gcoláiste samhraidh bliain i ndiaidh bliana chomh maith le príomhoide an Ghaelcholáiste as áiseanna na scoile a chur ar fáil go flaithiiúil. Gan dabht beidh cúrsa eile an samhradh seo chugainn. Gach eolas ar www.glorcheatharlach.ie.



**Daltaí ag baint taitnimh as Céilí ag an gColáiste Samhraidh**



**Amhrán á chasadh ag Seosamh Ó Gormáin ag an gColáiste Samhraidh**



**Fonn ar an mbosca ceoil ó Oran Mac Giollaphádraig**



**Taispeántas rince ó Katie Ní Choisdealbha agus Orla Mí mhaoilbhríde**

| GLUAIS: | GLOSSARY: |
|---|---|
| rathúil | successful |
| deis | opportunity |
| tuismitheoirí | parents |
| d'fhreastal | attended |
| géarchéim | crisis |
| gann | scarce |
| teaghlach | family |
| éagsúlacht | variety |
| mar is gnáthach | as usual |
| áiseanna | facilities |

## Leabhar Mór na nAmhrán

TÁ Cló Iar-Chonnacht ag foilsiú leabhar nua dar teideal Leabhar Mór na nAmhrán. Tá focail, stair agus cúlra de os cionn ceithre chéad amhrán traidisiúnta Gaeilge sa leabhar áirithe seo agus fáilteofar go mór roimhe.

Leabhar é seo don scoláire, don amhránaí agus do dhuine ar bith ar suim leo teacht ar thuiscint níos leithne ar amhránaíocht thraidisiúnta na Gaeilge. Ceithre chéad amhrán traidisiúnta Gaeilge, ar an sean-nós, atá ann. Ó cheann ceann na tíre iad agus



tá nótaí cuimsitheacha cúlra ag dul le gach uile cheann díobh maidir le cé dar díobh iad, cé a chum, conas ar scaipeadh iad agus an dream a chasann iad sa lá atá inniu ann.

Tá amhráin sa leabhar seo a bhfuil eolas go forleathan orthu agus amhráin nach bhfuil an cur amach céanna ag daoine orthu. Tá amhráin bheaga agus amhráin mhóra anseo, iad fada agus gearr, mall agus sciobtha, sean agus óg.

| GLUAIS: | GLOSSARY: |
|---|---|
| ag foilsiú | publishing |
| amhráin | songs |
| amhránaí | singer |
| tuiscint | understanding |
| eolas | knowledge |
| forleathan | widespread |



**People queuing at the Heiton Buckley open day**



**Paudge Reddy was one of the first to grab a bargain at the Heiton Buckley open day**



**Crowds flocked to Heiton Buckley in the hope of baging a bargain at its recent open day**